

Foilsithe in *Intercom: A Catholic Pastoral and Liturgical Resource*. December 2017 / January 2018, 7.  
Foilsíodh leagan níos faide den alt seo i mBéarla ar [www.liturgy-ireland.ie](http://www.liturgy-ireland.ie) agus i nGaeilge in *New Liturgy*, 2017. Cóip an Údair.

## ***An Leabhar Aifrinn Rómhánach***

*The First Sunday of Advent, 2017, marks the use for the first time of the new altar edition in Irish of the Roman Missal. The finished Irish translation is the fruit of a huge collaboration between linguists, theologians and native speakers that endured over fourteen years (2003-2017). The objective of this short article is to outline the background and context of the publication. It is written by **Dr Marie Whelton**, Chairperson, Coiste Comhairleach na nEaspag Caitliceach um an Liotúirge i nGaeilge and Lecturer at Marino Institute of Education. The full version is available at <http://www.liturgy-ireland.ie/>.*

In *Lumen Gentium* dearbhaítear gurb í an Eocairist ‘bun agus buaic na beatha Críostaí’ (LG, 1964, Alt 11). Tá an tuiscint sin ar thábhacht agus ar dhínt an Aifrinn soiléir ó thús na Críostaíochta ní hamháin i ndoiciméid oifigiúla na heaglaise uilíche ach tá sí soiléir, freisin, i dtéacsanna agus i gcleachtais na heaglaise áitiúla in Éirinn (feic McConvery, Ó Laoghaire, Ó Murthuile). Ar an gCéad Domhnach den Aidbhint, 2017, bainfear úsáid den chéad uair as eagrán altóra nua Gaeilge de *An Leabhar Aifrinn Rómhánach*. Is é cuspóir an ailt ghearr seo ná cúlra agus comhthéacs an aistriúcháin nua a rianú.

Nach mór daichead bliain ar aghaidh ón Dara Comhairle Vatacánach, i mBliain na hIubhaile, 2000, d’fhógair An Pápa Eoin Pól a Dó go bhfoilseofaí an tríú heagrán de *Missale Romanum* go luath, eagrán a foilsíodh sa Laidin sa bhliain 2002. Moladh do na Comhdhálacha Áitiúla Easpag foireann d’aistritheoirí a fháil agus dúradh go mbeadh an piarmheasúnú ina ghné riachtanach den phróiseas aistriúcháin.

Whelton, M., ‘An Leabhar Aifrinn Rómhánach.’  
*Intercom*, December 2017 / January 2018, 7.

Ní haon ionadh é, dá bhrí sin, go dtógfadh sé blianta (2003-2017) an próiseas aistriúcháin go Gaeilge a chur i gcrích. I rith an ama sin d'oibrigh meitheal mhór de scoláirí teanga, de dhiagairí agus de chainteoirí dúchais i gcomhar lena chéile ar an aistriúchán. Ba é Coiste Comhairleach na nEaspag um an Liotúirge i nGaeilge a sholáthair an bunaistriúchán, coiste a raibh An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta ina chathaoirleach air go dtí 2011. Idir 2011 agus 2014, rinne Coiste *Sapientí* (Coiste Rómhánach den Chuallacht um Dheabhóid Dhiaga agus um Dhisiplín na Sacraimintí) léirmheas ar an aistriúchán. Ba é An tArdeaspag Michael Neary, Ardeaspag Thuama, cathaoirleach an choiste sin. Thar aon ní eile, is cruthúnas é *An Leabhar Aifrinn Rómhánach* nua ar an méid is féidir a bhaint amach tríd an gcomhoibriú leanúnach.

Tá beirt a thuilleann aitheantas poiblí ar leith. An chéad duine ná An tOllamh Cathal Ó Háinle (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath), atá ina bhall de Choiste Comhairleach na nEaspag um An Liotúirge i nGaeilge agus a sholáthair cuid mhór den bhunaistriúchán a pléadh ag cruinnithe an choiste chomhairligh sin. Ina theannta sin, le dhá bhliain anuas, chuir sé comaoin mhór ar *An Leabhar Aifrinn Rómhánach* nua ag céim dheireanach an phróisis, is í sin céim an fhoilsithe. Roinn sé a shaineolas ar théacsanna liotúirgeacha agus ar chúrsaí teangeolaíocha go flaitiúil tríd an bpróiseas go léir. An dara duine ná An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta. Ó chuaigh sé ar shlí na fírinne anuraidh, is iomaí comóradh atá déanta ar a shaol agus ar a shaothar. Ní gá tagairt arís anseo don ardmheas a bhíodh air mar scoláire Gaeilge ach i gcomhthéacs fhoilsiú *An Leabhar Aifrinn Rómhánach* tá sé tábhachtach an oidhreacht shuaithinseach a d'fhág sé ar théacsanna liotúirgeacha Gaeilge a aithint agus a cheiliúradh.

Is é an tAifreann croí na beatha Críostaí. Aontaítear sinn le Críost agus lena chéile ag an Aifreann, agus bíonn de chumhacht aige sinn a chlaochlú ionas go mairimid i gCríost agus ionas go maireann Críost ionainn. Sa chomhthéacs sin, fearaim fíorchaoín fáilte roimh an aistriúchán nua seo agus go raibh beannacht orthu siúd a bheidh rannpháirteach sna hAifrinn a léifear as.

### Tagairtí:

An Chuallacht um Dheabhóid Dhiaga agus um Dhisiplín na Sacraimintí, *Liturgiam Authenticam: On the use of vernacular languages in the publication of the books of the Roman Liturgy*. Suíomh idirlín na Vatacáine. 7 Mí na Bealtaine, 2001:

[http://www.vatican.va/roman\\_curia/congregations/ccdds/documents/rc\\_con\\_ccdds\\_doc\\_20010507\\_liturgiam-authenticam\\_en.html](http://www.vatican.va/roman_curia/congregations/ccdds/documents/rc_con_ccdds_doc_20010507_liturgiam-authenticam_en.html), faighte 1 8 17, 8.20.

An Dara Comhairle Vatacánach, *Sacrosanctum Concilium [Constitution on The Sacred Liturgy]*. Suíomh idirlín na Vatacáine. 4 Mí na Nollag, 1963:

[http://www.vatican.va/archive/hist\\_councils/ii\\_vatican\\_council/documents/vat-ii\\_const\\_19631204\\_sacrosanctum-concilium\\_en.html](http://www.vatican.va/archive/hist_councils/ii_vatican_council/documents/vat-ii_const_19631204_sacrosanctum-concilium_en.html), faighte 30 7 17, 8.30.

An Dara Comhairle Vatacánach, *Lumen Gentium [Dogmatic Constitution on the Church]*. Suíomh idirlín na Vatacáine. 21 Mí na Samhna, 1964:

[http://www.vatican.va/archive/hist\\_councils/ii\\_vatican\\_council/documents/vat-ii\\_const\\_19641121\\_lumen-gentium\\_en.html](http://www.vatican.va/archive/hist_councils/ii_vatican_council/documents/vat-ii_const_19641121_lumen-gentium_en.html), faighte 30 7 17, 8.15.

McConvery, Brendan, 'The Station Mass', *Treasures of Irish Christianity: People and Places, Images and Texts*. Salvador Ryan agus Brendan Leahy (eagarthóirí). Veritas: Baile Átha Cliath, 2012, 161-164.

Ó Laoghaire, Diarmuid, *Ár bPaidreacha Dúchais*. Foilseacháin Ábhair Spioradálta: Baile Átha Cliath, 1990 [1975].

Ó Murthuile, Seosamh, *Briathra Beannaithe An Aifrinn*. Foilseacháin Ábhair Spioradálta: Baile Átha Cliath, 1976.



IRISH CATHOLIC  
BISHOPS' CONFERENCE  
COMHDHÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN